An Luan, lch 109 http://data.cjfallon.ie/audio/LeighsaBhaile-E-p109.mp3

# An Ghaeltacht



Bhí rang a cúig ag dul chuig an nGaeltacht ar feadh seachtaine.
Bhí siad ag dul don Ghaeltacht i gConamara.
D'fhág siad an scoil maidin Dé Luain.
Nuair a shroich siad an scoil i gConamara, bhuail siad leis na múinteoirí agus an príomhoide.
Bhí siad ag fanacht i dtithe le 'bean an tí' a bhí ag tabhairt aire dóibh don tseachtain.
Áit dheas chiúin a bhí i gConamara i gcomparáid le Baile Átha Cliath.
Chuaigh na páistí chuig ranganna gach maidin agus chuaigh siad ar thurais gach tráthnóna.
Thaitin an t-am sa Ghaeltacht go mór leo.

## CEISTEANNA

1 **Cá raibh rang a cúig ag dul?** *(Where was fifth class going?)*
2 **Céard a rinne siad nuair a shroich siad an scoil i gConamara?** *(What did they do when they reached the school in Connemara?)*
3 **Cé leis a raibh siad ag fanacht?** *(Who were they staying with?)*
4 **Céard a rinne siad gach lá?** *(What did they do every day?)*
5 **Ar thaitin sé leo?** *(Did they enjoy it?)*

## FOCLÓIR

**chun freastal ar** *to attend*
**bean an tí** *woman of the house*
**ag tabhairt aire** *taking care*
**i gcomparáid** *in comparison*
**turais** *tours*


An Mháirt, lch 110 http://data.cjfallon.ie/audio/LeighsaBhaile-E-p110.mp3

# Oileáin Árann



Bhí turas eagraithe go dtí Oileáin Árann.
Tá trí cinn ann ach bhí an rang ag dul chuig an gceann is mó, Inis Mór.
Fuair siad bus go dtí an bád farantóireachta.
Thóg sé uair an chloig ar an mbád.
Bhí an radharc ón mbád go hálainn.

Labhair gach duine ar an oileán Gaeilge leo.
Thug na múinteoirí ar shiúlóid iad timpeall an oileáin.





Ansin chuaigh siad ar rothair chun Dún Aonghasa a fheiceáil.
Ag a cúig a chloig, chuaigh siad ar an mbád ar ais chuig an mórthír.

## CEISTEANNA

1. **Cén turas a bhí eagraithe?** *(What tour was organised?)*
2. **Cé chomh fada is a thóg sé ar an mbád?** *(How long did it take on the boat?)*
3. **Cén teanga a labhair gach duine ar an oileán leo?** *(What language did everybody on the island speak to them?)*
4. **Cár thug na múinteoirí iad?** *(Where did the teachers take them?)*
5. **Cén t-am a fuair siad an bád ar ais go dtí an mhórthír?** *(What time did they get the boat back to the mainland?)*

## FOCLÓIR

**Oileáin Árann** *Aran Islands*
**eagraithe** *arranged*
**an ceann is mó** *the biggest one*
**labhair** *spoke*
**mórthír** *mainland*

An Chéadaoin, lch 111 http://data.cjfallon.ie/audio/LeighsaBhaile-E-p111.mp3



# Cluichí Pobail

Beidh Scoil San Treasa ag dul san iomaíocht sna Cluichí Pobail an tseachtain seo chugainn.
Beidh na hardranganna ag glacadh páirte sa léim fhada, sa chaitheamh meáchain agus sna cianrásaí.
Beidh na meánranganna ag glacadh páirte sna rásaí sealaíochta, sna rásaí ráibe agus sna cliathrásaí.
Bhí siad ar fad ag traenáil go dian.
Déanann siad traenáil le Bean Uí Riain ag am lóin Dé Luain agus Dé Máirt agus i ndiaidh na scoile Déardaoin agus Dé hAoine.
D'éirigh go han-mhaith leo anuraidh.
Bhuaigh siad cúig bhonn óir agus trí bhonn airgid sa deireadh.
Bhí ceiliúradh mór ag an scoil ag an tionól.



## CEISTEANNA

1. **Cé a bheidh ag dul san iomaíocht sna Cluichí Pobail?**
   *(Who will be competing in the Community Games?)*
2. **Cé na rudaí a mbeidh na hardranganna ag glacadh páirte iontu?**
   *(What will the senior classes be taking part in?)*
3. **Cé na rudaí a mbeidh na meánranganna ag glacadh páirte iontu?**
   *(What will the middle classes be taking part in?)*
4. **Cén uair a dhéanann siad traenáil?** *(When do they train?)*
5. **Cé mhéad bonn a bhuaigh siad anuraidh?**
   *(How many medals did they win last year?)*

## FOCLÓIR

**cluichí pobail** *community games*
**ag dul san iomaíocht** *competing in*
**léim fhada** *long jump*
**caitheamh meáchain** *shot putt*
**cliathrás** *hurdles*
**rásaí sealaíochta** *relay races*
**cianrás** *long distance*
**rásaí ráib** *sprinting races*
**anuraidh** *last year*
**tionól** *assembly*

# Na Cluichí Oilimpeacha

Seasann na fáinní do na cúig phríomhréigiún sa domhan – an Afraic, an Áise, an Astráil, an Eoraip agus Críocha Mheiriceá. Piocadh gorm, dubh, glas, buí agus dearg do na dathanna mar go bhfuil ar a laghad dath amháin ó gach brat iontu sin.
Tá cineálacha éagsúla Cluichí Oilimpeacha ann: Cluichí Oilimpeacha an tsamhraidh, na Cluichí Oilimpeacha Speisialta agus na Cluichí Para-Oilimpeacha. Tá Cluichí Oilimpeacha an gheimhridh ann chomh maith.





Bhí na chéad Chluichí Oilimpeacha Speisialta ann i 1968 i Meiricéa.
Bíonn Cluichí Oilimpeacha an gheimhridh agus an tsamhraidh ar siúl gach ceithre bliana.
Bíonn na Cluichí Oilimpeacha Speisialta ar siúl gach dara bliain.
Lastar an tóirse Oilimpeach cúpla mí sula dtosnaíonn na cluichí agus fanann sé ar lasadh go dtí go mbíonn siad thart.





## CEISTEANNA

1. **Céard dó a seasann na fáinní?**
   *(What do the rings represent?)*
2. **Cén fáth ar piocadh na dathanna do na fáinní?**
   *(Why were those colours picked for the rings?)*
3. **Cé mhéad cineál cluichí Oilimpeacha atá ann?**
   *(How many types of Olympic Games are there?)*
4. **Cén uair a thosaigh na Chéad Chluichí Oilimpeacha Speisialta?**
   *(When were the first Special Olympic Games?)*
5. **Liostaigh na cinéal cluichí Oilimpeacha atá ann.**
   *(List the type of Olympic Games that are on.)*

## FOCLÓIR

**fáinní** *rings*
**príomhréigiúin** *main regions*
**ar a laghad** *at least*
**Cluichí Oilimpeacha Speisialta** *Special Olympic Games*
**Cluichí Para-Oilimpeacha** *Paralympic Games*
**Cluichí Oilimpeacha an gheimhridh** *Winter Olympic Games*
**Cluichí Oilimpeacha an tsamhraidh** *Summer Olympic Games*
**lastar an tóirse Oilimpeach** *the Olympic torch is lit*